II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNEADH

## CINNEADH (AE) 2018/1720 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

## an 23 Deireadh Fómhair 2018

## maidir le leas a bhaint as gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú tar éis iarratas ón bPortaingéil — EFG/2018/002 PT/Norte — Centro — *Lisboa wearing apparel*

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([2]), agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é an aidhm atá leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní sháróidh CECD uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([3]).

(3) An 24 Aibreán 2018, chuir an Phortaingéil isteach iarratas chun leas a bhaint as CECD i dtaca le hiomarcaíochtaí in earnáil an mhonaraithe corpbhirt sna réigiúin Norte, Centro agus Liospóin sa Phortaingéil. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais chun ranníocaíocht airgeadais ó CECD a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, chinn an Phortaingéil seirbhísí pearsanaithe a sholáthar do 730 duine óg nach bhfuil fostaithe, páirteach san oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna), seirbhísí a bheidh cómhaoinithe ag CECD.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart CECD a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 4 655 883 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Phortaingéil isteach.

(6) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am is gá chun CECD, a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
([2]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh chun EUR 4 655 883 a sholáthar mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus mar leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 23 Deireadh Fómhair 2018.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Deireadh Fómhair 2018.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. EDTSTADLER